Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/344

19.2.2025

**CINNEADH (CBES) 2025/344 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 18 Feabhra 2025**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/3097 mar thaca leis an gclár cuimsitheach chun tacú le hiarrachtaí gáinneáil aindleathach Mionarm agus Armán Éadrom agus Gnáth-Armlóin a chosc agus a chomhrac in Oirdheisceart na hEorpa**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 5 Nollaig 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/3097 mar thaca leis an gclár cuimsitheach chun tacú le hiarrachtaí gáinneáil aindleathach Mionarm agus Armán Éadrom agus Gnáth-Armlóin a chosc agus a chomhrac in Oirdheisceart na hEorpa ([1]) chun tacú le céim II den tionscadal arna chur chun feidhme ag Rúnaíocht na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) ('an tionscadal').

(2) Ní raibh Iarscríbhinn ag gabháil le Cinneadh (CBES) 2024/3097 ón gComhairle ag am a ghlactha. Leagtar síos anois tuairisc mhionsonraithe ar an tionscadal atá le cur chun feidhme san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(3) Is gá dá bhrí sin Cinneadh (CBES) 2024/3097 a leasú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo isteach mar an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/3097.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Feabhra 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. DOMAŃSKI

([1]) IO L, 2024/3097, 6.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3097/oj.

*IARSCRÍBHINN*

CLÁR CUIMSITHEACH ESCE CHUN TACÚ LE hIARRACHTAÍ GÁINNEÁIL AINDLEATHACH MIONARM AGUS ARMÁN ÉADROM (SALW) AGUS GNÁTH-ARMLÓIN (CA) A CHOSC AGUS A CHOMHRAC IN OIRDHEISCEART NA hEORPA

Céim II

## 1. **Cúlra**

Bhí na Stáit rannpháirteacha de chuid ESCE in Oirdheisceart na hEorpa ag dul i ngleic le rioscaí agus dúshláin shuntasacha a bhaineann le carnadh díchobhsaitheach agus leathadh neamhrialaithe mionarm agus armán éadrom (SALW) aindleathach agus gnáth-armlóin (CA) aindleathaigh. Tá sé seanbhunaithe go mbíonn tionchar ag na rioscaí seo ní hamháin ar shlándáil Oirdheisceart na hEorpa, ach ar an Aontas Eorpach (an tAontas) freisin.

Is dúshlán straitéiseach a shainaithnítear i straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlóin ('Straitéis SALW AE') ([1]) í gáinneáil SALW agus CA trí Oirdheisceart na hEorpa. Agus, dá réir sin, tugadh aghaidh uirthi le roinnt pleananna gníomhaíochta ar nós an mhéid seo a leanas: plean gníomhaíochta 2020-2025 de chuid an Aontais maidir le gáinneáil arm tine ([2]), chomh maith leis an Treochlár le haghaidh réiteach inbhuanaithe ar sheilbh, mí-úsáid agus gáinneáil aindleathach SALW agus a n-armlóin sna Balcáin Thiar faoi 2024 ([3]). Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, tá institiúidí ábhartha Oirdheisceart na hEorpa tar éis cúnamh a iarraidh go hoifigiúil ar ESCE i réimse an rialaithe ar SALW agus CA ([4]). Cuidíonn an cúnamh a iarradh le comhlíonadh na spriocanna straitéiseacha agus oibríochtúla thuas, agus tacaíonn sé leis na hinstitiúidí freisin na gealltanais i ndoiciméid ESCE maidir le SALW (FSC.DOC/1/00/Rev.1) agus stoc-chairn CA (FSC.DOC/1/03/Rev.1) a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, d'fhorbair ESCE Clár Cuimsitheach chun tacú le hiarrachtaí gáinneáil aindleathach SALW agus CA a chosc agus a chomhrac in Oirdheisceart na hEorpa (dá ngairtear an Clár anseo feasta).

Déantar an Clár a chomhchuibhiú leis an *Roadmap for a Sustainable Solution to the Illegal Possession, Misuse and Trafficking of SALW and Their Ammunition in the Western Balkans by 2024* [Treochlár le haghaidh réiteach inbhuanaithe ar sheilbh, mí-úsáid agus gáinneáil aindleathach SALW agus a n-armlón sna Balcáin Thiar faoi 2024] ([5]) (dá ngairtear 'an Treochlár' anseo feasta), chomh maith leis an leagan nuashonraithe comhleanúnach den Treochlár a mheastar a bheidh i bhfeidhm don tréimhse 2025 go 2030. Dá réir sin, déantar an ghníomhaíocht iomlán a chomhordú go dlúth le páirtithe leasmhara Oirdheisceart na hEorpa agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta a rannchuidíonn leis an Treochlár. Sa chomhthéacs sin, chinn an tAontas tacú le hiarrachtaí an Chláir trí Chinneadh (CBES) 2021/2133 ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena dtacaítear leis an gclár cuimsitheach chun tacú le hiarrachtaí gáinneáil aindleathach SALW agus CA a chosc agus a chomhrac in Oirdheisceart na hEorpa. Chomh maith le tacaíocht pholaitiúil agus airgeadais ón Aontas, tacaíonn 15 Stát rannpháirteacha eile, ar deontóirí iad, leis an gClár.

Is ionann an ghníomhaíocht atá beartaithe agus Céim 2 den chúnamh a tionscnaíodh faoin gCinneadh thuasluaite ón gComhairle, agus leanann sí de thacaíocht a thabhairt d'údaráis Oirdheisceart na hEorpa ceanglais théacs athbhreithnithe an Treochláir, a chuirfear chun feidhme ó 2025 go 2030, a chomhlíonadh agus de thacú leo SALW neamhdhleathacha a chomhrac i gcónaí.

Trí éifeachtaí diúltacha thrádáil aindleathach SALW agus a n-armlón ar an bhforbairt inbhuanaithe a mhaolú agus a chosc, rannchuidíonn an ghníomhaíocht sin freisin le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, go sonrach:

— Sprioc 5. Comhionannas inscne a bhaint amach agus na mná agus cailíní uile a chumhachtú (e.g. cuspóir 5.2 maidir le gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní a dhíothú); agus

([1]) An Coimisiún Eorpach, Straitéis an Aontais Eorpaigh um an Aontas Slándála, COM/2020/605 final, an 24 Iúil 2020.

([2]) An Coimisiún Eorpach, Plean gníomhaíochta 2020-2025 an Aontais Eorpaigh in aghaidh gáinneáil ar airm thine agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis, COM (2020) 608 final, an 24 Iúil 2020.

([3]) Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Arm Éadrom (SEESAC), Regional-Roadmap-for-a-sustainable-solution-to-the.pdf (seesac.org).

([4]) Fuarthas iarrataí ar chúnamh ó Aireacht Gnóthaí Baile na hAlbáine, Aireacht Slándála na Boisnia agus an Heirseagaivéin, Aireacht Gnóthaí Baile Phoblacht na Macadóine Thuaidh, Aireacht Chosanta Mhontainéagró, agus Aireacht Gnóthaí Baile na Seirbia. I gcás na Cosaive, mar gheall ar bhreithnithe stádais, níl feidhm ag srianta agus ceanglais an nós imeachta fhoirmiúil, dáiríre, maidir le tionscadail a d'fhéadfadh a bheith ann. Dá bhrí sin, faoi threoraíocht Mhisean ESCE sa Chosaiv, cuirtear tionscadail agus gníomhaíochtaí saincheaptha chun feidhme chun tacú le Póilíní na Cosaive. Rinneadh gach iarratas ar chúnamh a fhíorú agus rinneadh measúnú ar riachtanais iomchuí ina dhiaidh sin.

([5]) Is iad údaráis na mBalcán Thiar a d'fhorbair an Treochlár le tacaíocht theicniúil ó SEESAC faoi choimirce na Fraince agus na Gearmáine agus i gcomhairle leis an Aontas agus le gach gníomhaí ábhartha eile, agus glacadh é ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar a tionóladh i Londain an 10 Iúil 2018.

— Sprioc 16. Sochaithe síochánta cuimsitheacha a chur chun cinn le haghaidh forbairt inbhuanaithe, rochtain ar cheartas a chur ar fáil do chách agus institiúidí éifeachtacha, cuntasacha agus cuimsitheacha a fhorbairt ar gach leibhéal (e. g. cuspóirí 16.1, 16.4 & 16.a).

2. **Cuspóir foriomlán**

Leanúint de na rioscaí a bhaineann le gáinneáil aindleathach agus leathadh neamhrialaithe SALW in/go/ó Oirdheisceart na hEorpa a laghdú, ar rioscaí iad a bhaineann an bonn den tsábháilteacht agus den tslándáil, a chuireann isteach ar chothú na síochána inbhuanaithe agus ar an bhforbairt shocheacnamaíoch, a chuireann le cliseadh ar an ord, a ghríosaíonn an sceimhlitheoireacht agus an foréigean coiriúil, nó a d'fhéadfadh atosú na coinbhleachta a spreagadh.

3. **Cur síos ar an nGníomhaíocht**

Tá an ghníomhaíocht bunaithe ar phróisis chórasacha measúnaithe riachtanas, go háirithe measúnuithe arna ndéanamh ag saineolaithe ó 2022 go dtí 2024.

Bunaithe ar na measúnuithe sin agus ar an gcúnamh a cuireadh ar fáil go dtí seo, is gá an méid seo a leanas a dhéanamh:

— Deimhniú idirnáisiúnta acmhainneachtaí cainíneacha (K-9) a áirithiú chun SALW agus CA aindleathach a bhrath agus a urghabháil; agus

— Deimhniú idirnáisiúnta ar rialú díghníomhachtaithe agus creataí oibríochtúla SALW ó Phromhtheach Eorpach a sholáthar.

Is éard atá sa ghníomhaíocht seacht gcomhpháirt de thionscadal ESCE a chuirtear chun feidhme ar fud an réigiúin. Dá réir sin, soláthraítear leis an gcur chuige sin fothú acmhainneachta agus caighdeánú i ngach dlínse, agus bunú próiseas agus torthaí idir-inoibritheacha, aonchineálacha agus iontaofa ar fud an réigiúin á áirithiú ag an am céanna. Leis an ngníomhaíocht atá beartaithe, forbraítear scileanna agus próisis is féidir a úsáid le haghaidh cumais choisctheacha agus forfheidhmithe laistigh de gach dlínse, agus go réigiúnach agus níos faide i gcéin. Forbraítear na tionscadail uile i ndlúthchomhar le húdaráis/institiúidí sainordaithe, Ionad um Chosc Coinbhleachtaí ESCE agus oibríochtaí allamuigh ESCE in Oirdheisceart na hEorpa.

Leanfar den dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na gníomhaíochta sin a chur i láthair agus a thuairisciú ag cruinnithe comhordúcháin áitiúla agus réigiúnacha mar thaca leis an 'Treochlár maidir le réiteach inbhuanaithe ar sheilbh, mí-úsáid agus gáinneáil neamhdhleathach SALW agus a n-armlón sna Balcáin Thiar faoi 2030' athbhreithnithe. I ndáil leis sin, déantar an faireachán ar chur chun feidhme an Treochláir a chomhordú le Coimisiúin SALW uile in Oirdheisceart na hEorpa, le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus le SEESAC.

3.1. **Comhpháirt tionscadail 1: cúnamh a thabhairt d'údaráis náisiúnta Phoblacht na hAlbáine an riosca a bhaineann le leathadh agus mí-úsáid SALW a laghdú**

3.1.1. Cuspóir:

An riosca a bhaineann le leathadh agus mí-úsáid SALW i bPoblacht na hAlbáine a laghdú.

3.1.2. Cur Síos

Tá tionchar leathadh agus sheilbh neamhrialaithe SALW, armlóin agus pléascán ina bhagairt mhór fós ar shábháilteacht phoiblí, ar fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch san Albáin. Déantar gnéithe coiriúla agus coireacht eagraithe a chothú le SALW atá rialaithe go dona agus go neamhdhleathach, trí fhoréigean agus neamhshlándáil a chumasú. Tá éifeachtaí díobhálacha ag na gnéithe sin ar bhearta slándála agus cothaithe muiníne sa tír agus sa réigiún. D'iarr an Albáin cúnamh ag Fóram ESCE um Chomhar Slándála i mí Dheireadh Fómhair 2019.

D'fhíoraigh ESCE bearnaí acmhainneachtaí sna réimsí seo a leanas:

(a) an creat reachtach agus rialála chun airm thine a dhíghníomhachtú, agus an creat sin a chur chun feidhme go cuí le feabhas a chur ar bhonneagar, ar ghnéithe trealmhúcháin agus oiliúna;

(b) na seirbhísí cainíneacha (K9) de chuid póilíní stáit na hAlbáine chun SALW, armlón agus pléascáin a bhrath;

(c) feasacht an phobail a mhúscailt maidir leis na contúirtí a bhaineann le mí-úsáid agus leathadh SALW.

Beidh líon mór údaráis náisiúnta a bhfuil sainordú acu i réimse rialú SALW go háirithe Coimisiún Náisiúnta SALW, Aireacht Gnóthaí Baile Phoblacht na hAlbáine (MoI) agus Póilíní Stáit na hAlbáine (ASP), ina dtairbhithe ag an tionscadal, chomh maith le pobal na hAlbáine.

3.1.3. Na torthaí a bhfuil ionchas leo

Toradh 1: déanfar dul chun cinn maidir le creat reachtach díghníomhachtaithe SALW agus maidir lena shásraí cur chun feidhme agus maoirseachta.

Toradh 2: neartófar bonneagar, acmhainneacht agus acmhainní Aonad ASP K9 chun SALW, armlón agus pléascáin aindleathacha a bhrath.

3.1.4. Gníomhaíochtaí

3.1.4.1 Gníomhaíocht a bhaineann le feabhas a chur ar chreat reachtach Phoblacht na hAlbáine maidir le hábhair SALW agus díghníomhachtúcháin.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— deimhniú idirnáisiúnta ar reachtaíocht díghníomhachtaithe ón bPromhtheach Eorpach SALW

— meastóireacht ar bhonneagar agus innealra a úsáidtear le haghaidh díghníomhachtú i bPoblacht na hAlbáine

— oiliúint maidir le díghníomhachtú arna heagrú ag Promhtheach Eorpach SALW

3.1.4.2 Gníomhaíocht a bhaineann le feabhas a chur ar chumas Phóilíní na hAlbáine airm agus pléascáin aindleathacha a bhrath.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— clár oiliúna a eagrú maidir le modheolaíocht Frontex chun SALW agus armlón a bhrath

— clár oiliúna a eagrú maidir le dea-chleachtais Eorpacha chun SALW agus armlón a bhrath

— dearadh agus oibreacha a sholáthar le haghaidh na n-uasghráduithe bonneagair le haghaidh conchróite, saoráidí oifige agus imlíne K9 ag na Pointí Trasnaithe Teorann mar thaca le cumas braite SALW agus armlóin aonad K9

3.2. **Comhpháirt tionscadail 2: aghaidh a thabhairt ar na rioscaí slándála agus sábháilteachta a bhaineann le seilbh neamhdhleathach, mí-úsáid agus gáinneáil SALW agus a n-armlóin sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin**

3.2.1. Cuspóir

Tacú leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin (BiH) chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí slándála agus sábháilteachta a bhaineann le seilbh neamhdhleathach, mí-úsáid agus gáinneáil SALW agus a n-armlóin.

3.2.2. Cur Síos

Tugann an tionscadal aghaidh ar riachtanais ardtosaíochta a shonraítear san iarraidh ar chúnamh ón Aireacht Slándála (2019) agus tá sé mar aidhm leis tacú le BiH chun maolú a dhéanamh ar rioscaí slándála agus sábháilteachta a bhaineann le seilbh neamhdhleathach, mí-úsáid agus gáinneáil SALW, armlóin agus pléascán – rud a chuireann, ar an gcaoi sin, le slándáil agus cobhsaíocht sa tír agus sa réigiún máguaird.

Leanfaidh ESCE d'aghaidh a thabhairt ar na bearnaí seo a leanas:

(a) cumais chainíneacha gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí (LEAnna) chun SALW agus armlón a bhrath, lena n-áirítear a mbonneagar chomh maith le heilimintí oiliúna;

(b) inrochtaineacht agus inchomparáideacht na sonraí a bhaineann le SALW atá riachtanach chun beartais a cheapadh go héifeachtach agus chun freagairt oibríochtúil a thabhairt;

(c) díghníomhachtú SALW, lena n-áirítear creataí reachtacha agus rialála, oiliúint, trealamh agus uasghráduithe bonneagair.

I dteannta phobal BiH atá ina thairbhí den tionscadal tá líon mór údaráis náisiúnta a bhfuil sainordú acu i réimse rialú SALW, eadhon údaráis forfheidhmithe dlí lena n-áirítear aireachtaí gnóthaí baile agus gníomhaireachtaí póilíneachta ar leibhéal an eintitis agus an chantúin, Comhlacht um Chomhordú Rialaithe SALW BiH, Aireacht Slándála, chomh maith le hoifigí na n-ionchúisitheoirí, cúirteanna agus seirbhísí pionóis.

3.2.3. Na torthaí a bhfuil ionchas leo

Toradh 1: neartófar cumais forfheidhmithe dlí K9 chun SALW, armlón agus pléascáin a bhrath.

Toradh 2: forbrófar bunachar sonraí agus córas rianaithe comhtháite idirinstitiúideach le haghaidh cásanna SALW agus armlóin.

Toradh 3: déanfar creat reachtach agus rialála maidir le díghníomhachtú SALW a fhorbairt agus a oibríochtú.

3.2.4. Gníomhaíochtaí

3.2.4.1. Gníomhaíocht a bhaineann le cumais forfheidhmithe dlí K9 a neartú chun SALW, armlón agus pléascáin a bhrath.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— bonneagar K9 a uasghrádú

— clár oiliúna maidir le modheolaíocht Frontex chun SALW agus armlón a bhrath

— clár oiliúna maidir le dea-chleachtais Eorpacha chun SALW agus armlón a bhrath

3.2.4.2. Gníomhaíocht a bhaineann le forbairt a dhéanamh ar bhunachar sonraí agus córas rianaithe comhtháite idirinstitiúideach le haghaidh cásanna SALW agus armlóin.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— tacú le córas cuntais teiste SALW BiH a bhunú

— oiliúint a eagrú do bhreithiúna agus d'úsáideoirí forfheidhmithe dlí an chórais rianaithe SALW

3.2.4.3. Gníomhaíocht a bhaineann le feabhas a chur ar chreat reachtach BiH maidir le hábhair SALW agus díghníomhachtúcháin.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— deimhniú idirnáisiúnta ar reachtaíocht díghníomhachtaithe ó Phromhtheach Eorpach SALW

— meastóireacht ar bhonneagar agus innealra a úsáidtear le haghaidh díghníomhachtú in dhá shuíomh in BiH

— oiliúint maidir le díghníomhachtú agus maoirseacht uirthi arna heagrú ag an bPromhtheach Eorpach SALW

3.3. **Comhpháirt tionscadail 3: tacú le hacmhainneacht K-9 phóilíní na Cosaive** [6] **a neartú chun SALW, armlón agus pléascáin a bhrath agus a choigistiú**

3.3.1. Cuspóir

Tacú le cumas K-9 atá ag póilíní na Cosaive cheana a neartú agus lena rannchuidiú díreach chun SALW, armlón, agus mí-úsáid pléascán agus gáinneáil sna Balcáin Thiar a chosc, a chur faoi chois agus a imscrúdú.

3.3.2. Cur Síos

Tá an tionscadal ag tacú leis an gcumas K-9 atá ag póilíní na Cosaive cheana a neartú agus lena rannchuidiú díreach chun SALW, armlón, agus mí-úsáid pléascán agus gáinneáil sna Balcáin Thiar a chosc, a chur faoi chois agus a imscrúdú.

Tugtar aghaidh sa tionscadal ar bhearnaí acmhainneachtaí Aonad K9 atá fíoraithe maidir le mí-úsáid SALW agus gáinneáil SALW a chosc, a chur faoi chois agus a imscrúdú. Is iad póilíní na Cosaive tairbhithe an tionscadail i dteannta phobal na Cosaive.

[6] Tuigtear gach tagairt don Chosaiv atá sa téacs seo, cibé acu don chríoch, d'institiúidí nó don phobal, i gcomhréir iomlán le Rún 1244 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

3.3.3. An toradh a bhfuil ionchas leis

Toradh 1: feabhsófar creat rialála agus oiliúna, chomh maith le bonneagar agus trealamh aonad K-9 chun SALW, armlón agus mí-úsáid pléascán agus gáinneáil a chosc, a chur faoi chois agus a imscrúdú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí.

3.3.4. Gníomhaíochtaí

3.3.4.1. Gníomhaíocht a bhaineann le feabhas a chur ar chreat rialála agus oiliúna, chomh maith le bonneagar agus trealamh aonad K-9 chun SALW, armlón agus mí-úsáid pléascán agus gáinneáil a chosc, a chur faoi chois agus a imscrúdú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— clár oiliúna maidir le modheolaíocht Frontex chun SALW agus armlón a bhrath

— clár oiliúna maidir le dea-chleachtais Eorpacha chun SALW agus armlón a bhrath

— uasghráduithe bonneagair ar an bhfoirgneamh tréidliachta agus ar an trealamh riachtanach a chur chun feidhme, chomh maith leis an tsaoráid chun cásanna éagsúla cuardaigh laistigh a ionsamhlú

— cuimsiú na mban i bpríomhróil in aonaid chainíneacha (láimhseálaithe, teagascóirí agus bainisteoirí) a chur chun cinn mar réamhriachtanas chun éifeachtacht oibríochtúil fheabhsaithe a bhaint amach.

3.4. **Comhpháirt tionscadail 4: cúnamh a thabhairt d'údaráis náisiúnta Phoblacht na Macadóine Thuaidh an riosca a bhaineann le leathadh arm agus mí-úsáid SALW a laghdú**

3.4.1. Cuspóir

An riosca a bhaineann le leathadh armán agus mí-úsáid SALW i bPoblacht na Macadóine Thuaidh a laghdú, trí acmhainneachtaí anailíse agus imscrúdaitheach na hAireachta Gnóthaí Baile agus eagraíochtaí eile rialtais an riosca sin a chosc agus a bhrath a mhéadú.

3.4.2. Cur Síos

Forbraíodh an tionscadal chun freagairt ar an iarraidh ar chúnamh ó Rialtas Phoblacht na Macadóine Thuaidh (2019) chun acmhainneachtaí an Choimisiúin Náisiúnta maidir le SALW a neartú agus chun cur le cumais na roinne Póilíní, Aonad K9, chun airm agus pléascáin a bhrath.

D'fhíoraigh ESCE bearnaí acmhainneachtaí sna réimsí seo a leanas:

(a) acmhainneacht oibríochtúil K9 na hAireachta Gnóthaí Baile chun leathadh aindleathach SALW a bhrath;

(b) díghníomhachtú arm tine a chur chun feidhme go cuí, lena n-áirítear drochbhonneagar, drochthrealamh agus drochoiliúint;

(c) anailís ar shaincheisteanna rialaithe SALW maidir le leibhéil straitéiseacha agus oibríochtúla;

(d) for-rochtain phoiblí agus feasacht phoiblí chomhordaithe maidir leis na rioscaí a bhaineann le mí-úsáid SALW i bPoblacht na Macadóine Thuaidh, lena n-áirítear iarrachtaí atá á ndéanamh ag an gCoimisiún Náisiúnta SALW.

I dteannta phobal na Macadóine Thuaidh atá ina thairbhí den tionscadal tá údaráis náisiúnta a bhfuil sainordú acu i réimse rialú SALW, eadhon an Coimisiún Náisiúnta SALW, an Aireacht Gnóthaí Baile agus na póilíní.

3.4.3. Na torthaí a bhfuil ionchas leo

Toradh 1: cuirfear feabhas ar acmhainneachtaí comhair rialála, oibríochtúla agus idirghníomhaireachta Aireacht Gnóthaí Baile Phoblacht na Macadóine Thuaidh agus an Choimisiúin SALW chun comhrac a chur/aghaidh a thabhairt ar leathadh SALW.

Toradh 2: acmhainneachtaí cigireachta níos láidre maidir le scriosadh agus díghníomhachtú SALW agus bainistiú níos fearr ar shaolré SALW.

3.4.4. Gníomhaíochtaí

3.4.4.1. Tacú le méadú a dhéanamh ar acmhainneacht na hAireachta Gnóthaí Baile SALW aindleathach a bhrath trí shócmhainní K9 a úsáid go héifeachtúil.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— uasghráduithe bonneagair aonaid seirbhíse K9 Aireacht Gnóthaí Baile Phoblacht na Macadóine Thuaidh ar an leibhéal réigiúnach

— clár oiliúna maidir le modheolaíocht Frontex chun SALW agus armlón a bhrath

— clár oiliúna maidir le dea-chleachtais Eorpacha chun SALW agus armlón a bhrath

3.4.4.2. Airm, armlón agus pléascáin neamhdhleathacha a laghdú trí dhíothú agus díghníomhachtú.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— deimhniú idirnáisiúnta ar reachtaíocht díghníomhachtaithe ó Phromhtheach Eorpach SALW

— meastóireacht ar bhonneagar agus innealra a úsáidtear le haghaidh díghníomhachtú i bPoblacht na hAlbáine

— oiliúint maidir le díghníomhachtú agus maoirseacht air arna heagrú ag an bPromhtheach Eorpach SALW

3.5. **Comhpháirt tionscadail 5: acmhainneachtaí Aireacht Gnóthaí Baile Mhontainéagró a neartú chun gáinneáil aindleathach agus mí-úsáid mionarm agus armán éadrom, armlóin agus pléascán a laghdú, a chosc agus a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí**

3.5.1. Cuspóir

Tacú le cumas K-9 atá ann cheana a neartú chun SALW, armlón agus pléascáin a bhrath, chomh maith le cleachtais díghníomhachtaithe SALW a fhorbairt a thuilleadh, rud a fheabhsóidh cumais na hAireachta Gnóthaí Baile gáinneáil agus mí-úsáid SALW, armlóin agus pléascán a laghdú, a chosc agus a chomhrac.

3.5.2. Cur Síos

Ceapadh an tionscadal atá beartaithe bunaithe ar iarraidh ó Choimisiún SALW Mhontainéagró agus ar an gcuireadh ón Aireacht Gnóthaí Baile do mhisean ESCE go Montainéagró cúnamh teicniúil a thabhairt sa réimse sin. Bhí comhairliúcháin mhionsonraithe ann le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus réigiúnacha chun comhordú na n-iarrachtaí a áirithiú agus chun aon ghné a bhféadfadh forluí a bheith i gceist léi a leagan amach go cruinn. Dá réir sin, tá an tionscadal seo ag teacht le cur chun feidhme creataí rialaithe náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta SALW agus tacaíonn sé go díreach leis an gcur chun feidhme sin.

In 2022 agus 2023, rinne saineolaithe neamhspleácha ESCE, chomh maith le speisialtóirí cainíneacha Gendarmerie na Fraince, measúnuithe córasacha ar riachtanais ina dtugtar treoir phraiticiúil faoi conas is féidir an méid thíos a chur chun cinn:

— cumais K-9 phóilíní Mhontainéagró atá ann cheana chun SALW agus gnáth-armlóin aindleathach a bhrath agus a urghabháil; agus conas

— an rialachán maidir le díghníomhachtú SALW agus an creat oibríochtúil atá ann cheana a neartú.

3.5.3. Na torthaí a bhfuil ionchas leo

Toradh 1: acmhainneacht aonaid K9 na hAireachta Gnóthaí Baile de na hinstitiúidí forfheidhmithe dlí a neartú chun SALW, armlón agus pléascáin aindleathacha a bhrath trína gcumais bhonneagair, oibríochtúla agus oiliúna a fheabhsú.

Toradh 2: cuirfear feabhas ar an gcreat dlíthiúil maidir le hairm thine a dhíghníomhachtú agus déanfar é a ailíniú le caighdeáin idirnáisiúnta agus déanfar na hacmhainneachtaí chun é a chur chun feidhme go héifeachtach agus chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh air a neartú.

3.5.4. Gníomhaíochtaí

3.5.4.1 Gníomhaíocht a bhaineann le tacú leis na leasuithe agus na forlíontaí ar an gcreat dlíthiúil agus rialála, na nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha a thabhairt cothrom le dáta chun acmhainneacht K9 a úsáid, agus le máistirphlean K9 a fhorbairt chun an cumas sin a nuachóiriú.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

- leasú ar an reachtaíocht agus ar an rialachán i gcomhréir le dea-chleachtas Eorpach ag an Aireacht Gnóthaí Baile agus ag na póilíní
- forbairt máistirphlean chun K9 a nuachóiriú
- tacaíocht do na Meithleacha chun an reachtaíocht agus pleanáil straitéiseach a thabhairt cothrom le dáta

3.5.4.2 Gníomhaíocht a bhaineann le feabhas a chur ar mhodhanna oiliúna agus ar chumais oibríochtúla, chun SALW, armlón agus mí-úsáid pléascán agus gáinneáil orthu a chosc, a chur faoi chois agus a imscrúdú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

- lámhleabhar oiliúna a scríobh, a aistriú agus a sheachadadh
- oiliúint do phearsanra na hAireachta Gnóthaí Baile sna hinstitiúidí ábhartha oideachais/oiliúna i gcomhréir le Frontex agus le dea-chleachtais Eorpacha eile chun SALW agus armlón a bhrath

3.5.4.3 Gníomhaíocht a bhaineann le feabhas a chur ar shaoráidí agus ar threalamh oiliúna mar aon le bonneagar agus sócmhainní lóistíochta a uasghrádú, chun SALW, armlón agus mí-úsáid pléascán agus gáinneáil orthu a chosc, a chur faoi chois agus a imscrúdú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

- uasghráduithe bonneagair a chur chun feidhme do chonchróite, saoráidí oifige agus imlíne K9 ag Ceanncheathrú aonaid K9 agus ag pointí trasnaithe teorann mar thaca le cumas braite SAWL agus armlóin na n-aonad K9
- tacaíocht d'uasghrádú stórála sláine samplaí oiliúna, go háirithe armlóin, pléascáin, SALW, drugaí agus airgead tirim
- soláthar feithiclí iompair K9

3.5.4.4 Gníomhaíocht a bhaineann le tacaíocht d'fhorbairt an chreata dhlíthiúil agus institiúidigh chun SALW a dhíghníomhachtú, lena n-áirítear sásraí chun é a chur chun feidhme go héifeachtach agus chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh air.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

- tacaíocht don Mheitheal um leasuithe agus forlíontaí ar an reachtaíocht i ndáil le díghníomhachtú
- seirbhísí a sholáthar sa Phromhtheach Eorpach chun comhairle, treoir, oiliúint agus deimhniú a sholáthar do na speisialtóirí bonneagair agus díghníomhachtaithe
- na cruinnithe comhordúcháin atá ag teastáil a eagrú chun faisnéis a chomhroinnt agus chun treoir phraiticiúil a thabhairt chun na réamhchoinníollacha daonna, oideachais, teicniúla agus bonneagair is gá a fhorbairt agus a institiúidiú chun díghníomhachtú SALW a chur chun feidhme go cuí agus chun maoirseacht chuí a dhéanamh air

3.5.4.5 Gníomhaíocht a bhaineann le tacaíocht do chumais díghníomhachtaithe SALW a fhorbairt agus a institiúidiú.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

- dearaí bonneagair a fhorbairt agus oibreacha a sholáthar chun uasghrádú a dhéanamh ar shaoráidí agus ar chleachtais maidir le díghníomhachtú SALW a oibríonn i gcomhréir leis an gcomhairle ón bPromhtheach Eorpach SALW
- an trealamh agus na hábhair is gá le haghaidh díghníomhachtú cuí a sholáthar

3.5.4.6 Gníomhaíocht a bhaineann le tacaíocht don lámhleabhar oiliúna maidir le díghníomhachtú SALW a fhorbairt, agus oiliúint náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur ar fáil do na cleachtóirí áitiúla.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— oiliúint speisialta le haghaidh lucht déanta gunnaí agus cigirí gunnaí arna heagrú ag an bPromhtheach Eorpach

— deimhniú le haghaidh lucht déanta gunnaí agus cigirí gunnaí ag an bPromhtheach Eorpach um dhíghníomhachtú

— Lámhleabhar Oiliúna maidir le fodhlí i ndáil le díghníomhachtú SALW a fhorbairt.

3.6. **Comhpháirt tionscadail 6: aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sábháilteachta agus slándála a bhaineann le seilbh aindleathach, mí-úsáid agus gáinneáil SALW sa tSeirbia**

3.6.1. Cuspóir

Rioscaí sábháilteachta agus slándála a bhaineann le SALW ó thaobh seilbh neamhdhleathach, mí-úsáidí SALW dleathacha agus gáinneáil aindleathach SALW a laghdú.

3.6.2. Cur Síos

Ceapadh an tionscadal chun freagairt ar an iarraidh ar chúnamh ó Aireacht Gnóthaí Baile na Seirbia (2019) chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le leathadh neamhrialaithe agus seilbh aindleathach SALW ar bagairt ollmhór iad ar an tslándáil agus ar an tsábháilteacht sa tSeirbia. Cuireann na dúshláin sin le leathadh na coireachta agus na coireachta eagraithe tromchúisí, trí ghníomhú mar chumasóirí an fhoréigin, an iompair bhagraigh agus na sceimhlitheoireachta. Bíonn éifeacht dhiúltach acu ar bhearta cothaithe muiníne sa tír freisin agus mar bhagairt i gcomhthéacs an fhoréigin inscnebhunaithe.

D'fhíoraigh ESCE na riachtanais maidir le gáinneáil aindleathach SALW a chomhrac, na nithe seo a leanas ina measc:

(a) acmhainneacht K9 na hAireachta Gnóthaí Baile a neartú maidir le hairm agus pléascáin a bhrath trí i) an creat dlí is gá a bhunú, ii) na hacmhainneachtaí a mheasúnú agus a fhorbairt, agus iii) trealamh speisialta agus bonneagar tógála a fháil,

(b) leasuithe ar an Dlí maidir le hAirm agus Armlón, agus ar an Leabhar Rialacha maidir le hAirm a Dhíghníomhachtú, trí (a) acmhainneachtaí agus deiseanna teicniúla a mheasúnú; agus b) cúnamh teicniúil a sholáthar maidir le dréachtú an leabhair rialacha.

Is iad an Aireacht Gnóthaí Baile, na Póilíní agus Promhtheach SALW na Seirbia in Kragujevac, chomh maith le pobal na Seirbia, tairbhithe an tionscadail.

3.6.3. Na torthaí a bhfuil ionchas leo

Toradh 1: cuirfear feabhas ar an gcreat dlíthiúil maidir le díghníomhachtú agus déanfar é a chomhchuibhiú le caighdeáin agus dea-chleachtais idirnáisiúnta.

Toradh 2: cuirfear feabhas ar acmhainneachtaí aonaid K9 de chuid na hAireachta Gnóthaí Baile chun SALW, armlón agus pléascáin a bhrath i gcomhréir le caighdeáin chearta an duine.

3.6.4. Gníomhaíochtaí

3.6.4.1. Cuirtear feabhas ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcreat dlíthiúil maidir le díghníomhachtú agus déanfar iad a chomhchuibhiú le caighdeáin idirnáisiúnta agus dea-chleachtais.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— sainchomhairle ó Phromhtheach Eorpach SALW a chur ar fáil do chruinnithe na meithle maidir le díghníomhachtú

— deimhniú idirnáisiúnta ar reachtaíocht díghníomhachtaithe ó Phromhtheach Eorpach SALW

— soláthar bonneagair agus innealra a úsáidtear chun díghníomhachtú a dhéanamh

— oiliúint maidir le díghníomhachtú agus maoirseacht air sin arna heagrú ag an bPromhtheach Eorpach SALW

3.6.4.2. Gníomhaíochtaí a bhaineann le feabhas a chur ar acmhainneachtaí aonaid K9 na hAireachta Gnóthaí Baile i ndáil le SALW, armlón agus pléascáin a bhrath i gcomhréir le caighdeáin chearta an duine.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— soláthar agus seachadadh feithiclí, trealaimh agus oibreacha foirgníochta d'aonaid K9

— fothú acmhainneachta chun aonaid K9 a úsáid agus a imscaradh chun gáinneáil SALW, armlóin agus pléascán a chosc agus a imscrúdú trí thacaíocht chomhairleach, clár malartaithe agus modheolaíocht oiliúna a fhorbairt

— clár oiliúna maidir le modheolaíocht Frontex chun SALW agus armlón a bhrath

— clár oiliúna maidir le dea-chleachtais Eorpacha chun SALW agus armlón a bhrath

3.7. **Comhpháirt tionscadail 7: gníomhaíocht ESCE a neartú i gcoinne leathadh aindleathach gnáth-armlóin agus stoc-chairn gnáth-armlóin – Céim 3**

3.7.1. Cuspóir

Tacú leis na Stáit rannpháirteacha muinín agus slándáil a neartú, agus freagairt ar fhorbairtí polaitiúla agus slándála i réimse ESCE agus comhar éifeachtach a áirithiú le páirtithe leasmhara seachtracha.

3.7.2. Cur Síos

Forbraíodh an tionscadal chun cúnamh a thabhairt do Stáit rannpháirteacha ESCE chun go mbeidh siad in ann a ngealltanais i gcoinne leathadh aindleathach SALW/SCA a phleanáil agus a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr, agus iad a neartú, más gá. Tá an tionscadal seo mar chuid de chur chuige céimnithe maidir le hanailís leanúnach bheacht ar bhagairtí, rioscaí iomadaithe agus gáinneála SALW/SCA, forléargas agus fadbhreathnaitheacht i dtaca le riachtanais agus ceanglais, chomh maith le huirlisí praiticiúla i réimse SALW agus SCA. Tá an bunús sin ríthábhachtach do na gníomhaithe uile ar spéis leo an creat normatach a chur chun cinn, tacú leis an sásra cúnaimh agus é a neartú, chomh maith le riachtanais agus iarrataí cúnaimh theicniúil a shainaithint.

Téann úsáid, mí-úsáid agus éifeachtaí SALW agus SCA i bhfeidhm ar mhná agus ar fhir, ar bhuachaillí agus ar chailíní ar bhealaí difriúla. Chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair éagsúla sin, ní mór tionscadail chúnaimh a dhearadh agus a chur chun feidhme ar bhealach ina n-aithnítear an méid sin, ina dtugtar aghaidh ar thionchar an-éagsúil SALW ar inscne agus ina gcuirtear an comhionannas inscne chun cinn. Tacaíonn an tionscadal seo le beartas agus comhairle phraiticiúil maidir leis an gcaoi ar féidir an ghníomhaíocht spriocdhírithe sin a fhorbairt agus a dhéanamh i gcomhthéacs thionscadail cúnaimh phraiticiúil ESCE sa réimse SALW agus SCA.

3.7.3. Na torthaí a bhfuil ionchas leo

Toradh 1: feabhsófar cumas Stáit rannpháirteacha de chuid ESCE, struchtúir feidhmiúcháin agus oibríochtaí allamuigh ESCE aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar shaincheist leathadh agus rialú SALW/SCA ag céim ar bith dá saolré.

Toradh 2: bainfear úsáid bhreise as an Tairseach SALW, táirgí agus uirlisí eolais, chun tacú le faireachán, forléargas agus cur chun feidhme tionscadal cúnaimh phraiticiúil SALW/SCA.

3.7.4. Gníomhaíochtaí

3.7.4.1. Comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do na Stáit rannpháirteacha de chuid ESCE is iarrthóirí chun úsáid éifeachtach a bhaint as an sásra cúnaimh.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— cuairteanna spriocdhírithe agus imeachtaí for-rochtana a bhaineann leis an gcúnamh lena n-iarrtar ar Stáit rannpháirteacha a riachtanais agus a gceanglais shonracha sa réimse SALW agus SCA a mheasúnú agus/nó a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil

— pleananna gníomhaíochtaí agus doiciméid straitéiseacha náisiúnta maidir le rialú SALW a fhorbairt i gcomhréir le ESCE agus le caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha eile

3.7.4.2. Tacaíocht shaincheaptha a chur ar fáil do na Stáit a thugann cúnamh ESCE, tacaíocht atá riachtanach dá gcinnteoireacht thráthúil éifeachtach agus dá bpleanáil maidir le hacmhainní a leithdháileadh ar shásra cúnaimh SALW agus SCA.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— comhairliúcháin thráthrialta/bhliantúla deontóirí a eagrú i Vín, i bpríomhchathracha na Stát rannpháirteach nó trí ardáin ar líne chun forléargas a thabhairt ar thionchar agus ar thorthaí na dtionscadal cúnaimh.

3.7.4.3. Úsáid, feidhmiúlachtaí agus gnéithe na Tairsí SALW a chur chun cinn.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— imeachtaí múscailte feasachta a eagrú chun úsáid, feidhmiúlachtaí agus gnéithe na Tairsí SALW atá ar fáil a chur chun cinn

3.7.4.4. Oiliúint speisialaithe SALW a fhorbairt agus a chomhtháthú sa Tairseach SALW.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— oiliúint ar líne maidir le hábhair shonracha SALW a uaslódáil chuig an Tairseach

3.7.4.5. Feidhmiú éifeachtach agus tacaíocht leanúnach don Tairseach SALW a áirithiú.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— gnéithe nua a thabhairt isteach a mholann na húsáideoirí chun feidhmiúlachtaí na Tairsí a bharrfheabhsú

5. **Inscne**

Comhtháthaíodh na peirspictíochtaí príomhshruthaithe inscne ag gach céim de cheapadh, d'fhorbairt agus de chur chun feidhme na dtionscadal. Mar bhuntuiscint, glacadh leis go dtéann úsáid, mí-úsáid agus éifeachtaí SALW agus CA i bhfeidhm ar mhná agus ar fhir, ar bhuachaillí agus ar chailíní ar bhealaí difriúla. Chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar sin, cuirfear chun cinn leis an ngníomhaíocht seo cuimsiú na mban i bpróisis chinnteoireachta, agus i gcur chun feidhme rialú SALW, agus tacófar leis an gcuimsiú sin.

Rinneadh riachtanais inscne a phríomhshruthú i gcomhréir le comhthéacsanna sonracha agus le cineál sonrach an chúnaimh dá bhforáiltear sna tionscadail agus rinneadh iad a bhunú ar anailís staide inar cuireadh peirspictíochtaí inscne san áireamh.

Cuireadh marcóir inscne ESCE i bhfeidhm agus na tionscadail á gceapadh, agus nuair a rianaíodh an dul chun cinn a rinneadh agus inscne á príomhshruthú le linn an tsaolré bainistithe tionscadail freisin. Tá comhionannas inscne mar chuspóir suntasach ag gach ceann de na tionscadail atá sa ghníomhaíocht seo nó tá siad príomhshruthaithe go hiomlán ó thaobh inscne de.

6. **Tairbhithe**

Is iad na húdaráis in Oirdheisceart na hEorpa a bhfuil sainordú acu agus atá freagrach as gáinneáil aindleathach SALW agus CA a chosc agus a chomhrac tairbhithe díreacha na gníomhaíochta. Is iad na húdaráis is mó a ndírítear orthu: Aireachtaí Gnóthaí Baile agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ar nós na bpóilíní.

Is iad pobail na ndlínsí in Oirdheisceart na hEorpa agus a chomharsanacht Eorpach a chuirtear i mbaol mar gheall ar úsáid SALW agus CA aindleathach i ngníomhaíochtaí coiriúla, sa sceimhlitheoireacht agus i mí-úsáid fhoréigneach a bheidh ina dtairbhithe indíreacha ag an ngníomhaíocht.

Beidh an tAontas agus údaráis na mBallstát a bhfuil sainordú acu ina dtairbhithe indíreacha ag na tionscadail freisin mar go mbainfidh siad tairbhe as acmhainneachtaí rialaithe feabhsaithe SALW agus CA in Oirdheisceart na hEorpa trí, *inter alia*, malartuithe faisnéise níos fearr, chomh maith le bearta comhordúcháin agus comhair, mar shampla, rioscaí a shainaithint, imscrúdú agus rianú a dhéanamh, agus SALW agus CA aindleathach a bhrath agus a urghabháil.

7. **Infheictheacht an Aontais**

Déanfaidh ESCE gach beart iomchuí chun a phoibliú gurb é an tAontas a chistigh an ghníomhaíocht seo i ngach dlínse in Oirdheisceart na hEorpa. Déanfar na bearta sin i gcomhréir le Lámhleabhar Cumarsáide agus Infheictheachta an Choimisiúin le haghaidh Gníomhaíochtaí Seachtracha an Aontais Eorpaigh. Ar an gcaoi sin, áiritheoidh ESCE infheictheacht rannchuidiú an Aontais le brandáil agus le poiblíocht iomchuí, agus béim á leagan ar ról an Aontais, trédhearcacht

a ghníomhaíochtaí á háirithiú, agus feasacht á múscailt ar na cúiseanna leis an gCinneadh seo maille le feasacht ar thacaíocht an Aontais don Chinneadh seo agus ar thorthaí na tacaíochta sin. Beidh bratach an Aontais le feiceáil go soiléir ar ábhar a tháirgtear tríd an tionscadal i gcomhréir le treoirlínte an Aontais maidir leis an mbratach a úsáid agus a atáirgeadh go cruinn.

Ós rud é go bhfuil na gníomhaíochtaí beartaithe an-éagsúil ó thaobh raon feidhme agus cineál de, bainfear úsáid as réimse uirlisí fógraíochta, lena n-áirítear: na meáin thraidisiúnta; suíomhanna gréasáin; na meáin shóisialta; agus ábhair faisnéise agus fógraíochta lena n-áirítear grafaicí faisnéise, bileoga, nuachtlitreacha, preaseisiúintí agus nithe eile, mar is iomchuí. Déanfar foilseacháin, imeachtaí poiblí, feachtais, trealamh agus oibreacha tógála arna soláthar faoi gach tionscadal a bhrandáil dá réir sin. Chun go mbeidh tionchar níos mó ag an tionscadal, déanfar feasacht a mhúscailt i ndlínsí agus i ndaonraí éagsúla, sa phobal idirnáisiúnta agus sna meáin áitiúla agus idirnáisiúnta trí dhul i dteagmháil le gach ceann de na spriocghrúpaí tionscadail sa teanga iomchuí.

8. **Ré**

Meastar go mairfidh an ghníomhaíocht sin 36 mhí ar an iomlán.

9. **Eintiteas cur chun feidhme teicniúil**

Cuirtear cur chun feidhme teicniúil an chláir seo faoi chúram Lárionad um Chosc Coinbhleachtaí / Aonad Tacaíochta Fhóram Comhair Slándála Rúnaíocht ESCE agus na sé (6) cinn de mhisin allamuigh ESCE in Oirdheisceart na hEorpa agus ról comhordúcháin ag an Aonad Tacaíochta freisin.

10. **An Coiste Stiúrtha**

Beidh an Coiste Stiúrtha don ghníomhaíocht sin comhdhéanta d'ionadaithe ón Ardionadaí, ó Thoscaireachtaí an Aontais i ngach dlínse de chuid Oirdheisceart na hEorpa, Lárionad um Chosc Coinbhleachtaí / Aonad Tacaíochta Fhóram Comhair Slándála Rúnaíocht ESCE agus sé (6) mhisean allamuigh ESCE in Oirdheisceart na hEorpa.

Áiritheoidh an t-eintiteas cur chun feidhme, le cúnamh ón gCoiste Stiúrtha, go gcuirfear an tionscadal chun feidhme i gcomhar le cúnamh gaolmhar eile an Aontais do dhlínsí in Oirdheisceart na hEorpa.

Tabharfaidh an Coiste Stiúrtha cuireadh d'ionadaithe ó chomhpháirtithe na ndlínsí in Oirdheisceart na hEorpa ar bhonn rialta. Is féidir leis an gCoiste Stiúrtha cuireadh a thabhairt d'ionadaithe na n-eintiteas atá páirteach i dtionscadail in Oirdheisceart na hEorpa a bhfuil cuspóir comhchosúil nó gaolmhar acu freisin. Déanfaidh an Coiste Stiúrtha cur chun feidhme an Chinnidh seo a athbhreithniú go rialta, uair amháin ar a laghad gach 6 mhí, lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha cumarsáide a úsáid.